# Cúrsa Bacainní

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - feasacht ar spásúlacht, cruthanna 3T<br>*Comhtháthú – Teanga, Corpoideachas* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - straitéisí oiriúnacha chun tasc a thabhairt chun críche nó chun fadhb a réiteach a roghnú agus a chur i bhfeidhm<br>• Comhtháthú agus nascadh - matamaitic a aithint sa timpeallacht |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | suíomh, thar, faoi, suas, síos, ar, os cionn, faoi bhun, gar do, i bhfad ó, deas, clé |
| **Áiseanna** | cathaoir, cón, tollán, liathróid, línte fiarlánacha tarraingthe le cailc, húlahúp, binse |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Cuireann an múinteoir cúrsa bacainní ar bun. Seo roinnt samplaí is féidir a úsáid: cathaoir, cón, tollán, liathróid, línte fiarlánacha tarraingthe le cailc, húlahúp, binse.

Seo samplaí de threoracha a dhíríonn ar theanga shuímh:
Léim thar an gcón
Lámhacán faoin tollán
Rith chuig an chathaoir agus déan 5 shuí aniar
Dreap tríd an húlahúp
Seas ar an taobh deas den bhinse
Siúil feadh an bhinse. Léim anuas ón mbinse ar an taobh clé, cúig léim ar do ghogaide
Bogshodar thart ar an liathróid
Cuir do lámha faoi do ghlúine agus bog i líne chuartha
Siúil ar na barraicíní ar na línte fiarlánacha
Seas in aice le cón agus déan 3 réaltléim
Cuir do lámha os cionn do chinn agus tabhair bualadh bos 10 n-uaire

### 2 Gníomhaíocht 2

I mbeirteanna, roghnaíonn daltaí ceithre earra agus dearann siad a gcuid cúrsa bacainní féin. Socraíonn siad ar ghníomhaíocht/thasc do gach bac. Iarrann siad ar na beirteanna eile a gcuid cúrsa bacainní a chur i gcrích agus treoracha a thabhairt do gach tasc. Cuireann daltaí cúrsaí bacainní a chéile i gcrích, éisteann siad le treoracha na ndearthóirí.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na baic a d'úsáid tú?<br>• Cé acu bac is deacra? Cén fáth?<br>• Cé acu bac a thaitin go mór leat?<br>• Cad iad na baic a ndeachaigh tú fúthu/thartu?<br>• Cén áit a raibh ort dul suas/síos?<br>• Cad iad na baic a bhí cóngarach don gheata/i bhfad ón doras? | • An féidir leat a mhíniú cén fáth ar roghnaigh tú baic faoi leith?<br>• Cad iad príomhthréithe do chúrsa bacainní?<br>• Cad é a d'athrófá faoi do bhaic?<br>• An bhfuil slí eile ann chun na baic a úsáid?<br>• An féidir leat smaoineamh ar bhealach níos fearr chun cúrsa bacainní an mhúinteora a dhearadh? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Úsáid teanga atá ag an leibhéal cuí.